

CUMANN BARRA NA GAEILGE

BUNREACT AGUS RIALACHA BALLRÁÍOCHTA

Airteagal 1 - Léiriú

- 1.1 Sna hAirteagail seo, ciallaíonn ‘an Cumann’ Cumann Barra na Gaeilge mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.
- 1.2 Sna hAirteagail seo, folaíonn an uimhir uatha an uimhir iolra agus vice versa mura n-éilíonn an comhthéacs a mhalairt.

Airteagal 2 – Ainm, bunú agus teanga

- 2.1 Is é ‘Cumann Barra na Gaeilge’ ainm an Chumainn.
- 2.2 Is é an 4ú lá de mhí an Mhárta 2021 dáta bunaithe an Chumainn.
- 2.3 Is í an Ghaeilge teanga oibre agus chumarsáide an Chumainn.
- 2.4 Tá an Cumann aitheanta ag Comhairle an Bharra mar shain-chumann.

Airteagal 3 – Aidhmeanna agus Cuspóirí

- 3.1 Is iad aidhmeanna agus cuspóirí an Chumainn:

(a) Fóram a chur ar fáil do dhlí-chleachtóirí, idir abhcóidí agus aturnaetha a chleachtann an dlí trí mheán na Gaeilge nó ar suim leo saineolas sa dlí-chleachtadh trí Ghaeilge nó saineolas maidir le cúrsaí dlí agus an Ghaeilge a fhorbairt.

(b) Leas bhaill an Chumainn a chur chun cinn, go sonrath:

i. feacht a chur chun cinn i ndáil le scileanna agus taithí na mball maidir leis an dlí a chleachtadh trí Ghaeilge agus le cúrsaí dlí agus cúrsaí teanga;

ii. dea-chaidreamh a chur chun cinn le cumainn ghairmiúla nó eagrais eile a bhfuil baint acu leis an dlí a chleachtadh trí Ghaeilge nó le cúrsaí dlí agus cúrsaí teanga, cumann dlíodóirí san iasacht a phléann le cúrsa dlí agus cúrsaí teanga do phobail teanga neamhfhorleathana san áireamh.

(c) Oideachas agus oiliúint leanúnach a chur ar fáil do bhaill agus do dhaoine eile maidir leis an dlí a chleachtadh trí Ghaeilge agus le cúrsaí dlí agus cúrsaí teanga, go sonrath:

i. seimineáir, cruinnithe, grúpaí plé nó comhdhála a réachtáil go rialta;

ii. léachtaí a eagrú ag na cruinnithe sin;

iii. dul i gcomhairle le Comhairle an Bharra agus an Dlí-Chumann maidir le haitheantas na n-imeachtaí sin i ndáil le Forbairt Ghairmiúil Leanúnach.

iv. Rannpháirtíocht sna seimineáir, sna cruinnithe, sna grúpaí plé agus sna comhdhála sin ag baill agus baill chomhlacha den Chumann a spreagadh beag beann ar shinsearachtaí nó ar an áit a bhfuil siad ag cleachtadh.

(d) Dul i gcomhairle le Comhairle an Bharra agus comhoibriú léi chun rochtain chuí ar acmhainní na Comhairle a áirithiú chun na haidhmeanna agus na cuspóirí seo a bhaint amach.

(e) Scoláireacht maidir leis an dlí-chleachtadh trí Ghaeilge, leis an dlí agus an Ghaeilge agus le cúrsa dlí agus cúrsaí teanga a chur chun cinn agus a fhorbairt agus eolas a bhailiú agus a scaipeadh chun freastal ar riachtanais bhaill an Chumainn.

(f) Páirt ghníomhach a ghlacadh mar Chumann sa phlé poiblí agus chun leasuithe maidir le dlíthe agus cleachtais i ndáil le cúrsaí teanga a chur chun cinn de réir mar is gá dár leis an gCumann.

(g) Féadfaidh an Coiste Gnó ballraíocht a ghlacadh don Chumann i gConradh na Gaeilge.

Airteagal 3.2 – Cumhachtaí

3.2 Beidh na cumhachtaí seo a leanas ag an gCumann, ar fochumhachtaí agus cumhachtaí coimhdeacha amháin iad maidir leis na hAidhmeanna agus na Cuspóirí a ríomhtar in Airteagal 3.1 agus ní féidir iad a fheidhmiú ach chun na hAidhmeanna agus na Cuspóirí sin a chur chun cinn. Tá aon ioncam a ghintear ag feidhmiú na gcumhachtaí seo le cur i dtreo na hAidhmeanna agus na Cuspóirí réamhráite a chur chun cinn:

(a) Chun aon tabhartas maoinne d'aon chineál agus aon réadtiomnú, leagáid nó blianacht, suibscríbhinn, bronntanas, ranníocaíocht nó ciste a iarraidh agus a sholáthar agus a ghlacadh agus a fháil, ina measc trí mheán párolla a thabhairt nó trí shocruithe comhchosúla eile, agus lena n-áirítear (ach gan teorainn a leagan ar ghinearáltacht an mhéid thuas), crannchuir a chur ar bun i gcomhréir leis an dlí ar mhaithe leis na hAidhmeanna agus na Cuspóirí a chur chun cinn.

(b) Aon chomhlachas nó institiúid, iontaobhas nó ciste a bhunú agus tacú leo, agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú d'aon chuspóir carthanúil a mheasfaidh an Cumann a rinneadh a ríomh chun na hAidhmeanna agus na Cuspóirí a chur chun cinn.

(c) Iarratas a dhéanamh thar ceann an Chumainn ar aon údarás, bíodh údarás rialtais, áitiúil, daonchairdiúil nó eile i gceist leis, ar chistiú airgeadais d'aon sórt.

(d) Aon chuid de mhaoin an Chumainn a fháil, a shealbhu, a dhíol, a bhainistiú, a ligean ar léas, a mhorgáistiú, a mhalartú nó a dhiúscairt agus chun aon chuid de mhaoin an Chumainn a fhorbairt agus déileáil leis.

(e) Airgead a fháil ar iasacht agus a thiomsú ar an mbealach sin a d'fhéadfaí a mheas gurb ionann é agus caoithiúil, agus ar mhaithe le haon fhiachas a fháil nó le hoibleagáid eile de chuid an Chumainn, chun maoin uile nó cuid de mhaoin an Chumainn, reatha nó amach anseo, a mhorgáistiú nó a mhuirearú.

(f) Aon airgead de chuid an Chumainn nach dteastaíonn láithreach bonn lena úsáid i dtaca leis na hAidhmeanna agus na Cuspóirí a infheistiú agus chun aon airgead den sórt sin a chur ar

éarlais; tá cead roimh ré le fáil ó na Coimisinéirí Ioncaim sa chás go mbeartaíonn an Cumann cistí a charnadh i gcaitheamh tréimhse de bhreis ar dhá bhliain d'aon chuspóirí.

(g) Chun cuntas bainc amháin nó níos mó a oscailt agus chun billí malartaithe, nótaí gealltanais, billí luchtá, barántais, bintiúir agus ionstraimí inaistrithe nó soshannta eile a dhréachtú, a ghlacadh, a dhéanamh, a fhorghníomhú, a lascainiú, a fhorghníomhú, a eisiúint agus a aistriú.

(h) Chun foireann a fhostú, agus ar na téarmaí siúd, atá riachtanach nó inmhianaithe ar mhaithe leis na hAidhmeanna agus na Cuspóirí a chur chun cinn i gceart.

(i) Chun pinsean, aiscí, liúntais nó cúnamh carthanúil a dheonú d'aon duine a d'fhéadfadh a sheirbheáil leis an gCumann mar fhostaí, nó do mhná céile, fir chéile, leanaí nó cleithiúnaithe eile an duine sin a fhad agus nach sáróidh na pinsin, aiscí, liúntais nó an cúnamh carthanúil sin é sin a bhforáiltear dó i scéim pinsin atá cumhdaithe ag Cuid 30 den Acht Comhdhlúite Cánacha 1997 agus a fhad is gur oibrigh an Cumann an scéim pinsin sin agus go raibh tairbhí na bpinsean, na n-aisc, na liúntas nó an chúnamh charthanúil, nó a gcéile nó a dtuismitheoir, ina c(h)omhalta den scéim pinsin fad a bhí sé/sí fostaithe ag an gCumann; agus chun íocaíochtaí a dhéanamh i dtreo árachais agus chun cistí coigiltis agus sochair a fhoirmiú agus cur leo ar mhaithe le haon duine atá fostaithe ag an gCumann agus chun airgead a shuibscríobh nó a ráthú do chuspóirí carthanúla.

(j) Aon duine de na comhaltaí feidhmiúcháin nó gach comhalta feidhmiúcháin a árachú i gcoinne dliteanas pearsanta a thabhaítear maidir le haon ghníomh nó easnamh arb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas nó a líomhnaítear gurb ionann é agus sárú ar iontaobhas nó sárú ar dhualgas, a fhad agus a ghníomhaigh sé nó sí le dea-intinn agus i bhfeidhmiú a fheidhmeanna nó a feidhmeanna mar iontaobhaí carthanais (faoi mara shainmhínítear san Acht Carthanas 2009).

(k) Gach rud dlíthiúil eile sin a dhéanamh a mheasfaidh an Cumann bheith teagmhasach leis na hAidhmeanna agus na Cuspóirí agus a chuidíonn leo.

Airteagal 4 – Ballraíocht

4.1 Beidh gnáth-bhallraíocht an Chumainn ar oscailt do na daoine seo a leanas:

- (a) Abhcóidí ar baill den Leabharlann Dlí iad;
- (b) Abhcóidí ar baill iad de Bharra Thuaisceart Éireann;

4.2 Beidh ballraíocht chomhlach an Chumainn ar oscailt do na daoine seo a leanas:

- (a) Aturnaetha ar rollaí an Dlí-Chumainn
- (b) Aturnaetha ar rollaí Dlí Chumann Thuaisceart Éireann;
- (c) Aon duine eile a shásaíonn Coiste Gnó an Chumainn go bhfuil dlúthbhaint acu le cúrsaí dlí agus Gaeilge.
- (d) Aon duine eile a thoghann Coiste Gnó an Chumainn mar ball oinigh den Chumann.

4.3 Forléireofar 'ball' sa bhunreacht seo mar ghnáthbhall mura bhforáiltear a mhalairt go sonrath.

Airteagal 5 – Oifigh

- 5.1 Is iad oifigh an Chumainn: -
- i) An Cathaoirleach
 - ii) An Leas-Chathaoirleach/Oifigeach Caidreamh Poiblí
 - iii) An Rúnaí
 - iv) An Cisteoir
- 5.2 Ní foláir de gach oifigeach den Chumann a bheith ina b(h)all den Cumann. Ag an gCéad Chruinniú Cinn Bliana den Chumann toghfar na hoifigh arna n-ainmniú ag na baill i láthair agus fanfaidh siad in oifig go dtí go dtabharfar a gcomharbaí ag an gcéad Chruinniú Cinn Bliana eile. In éagmais toghchán bliantúil fanfaidh na hoifigh reatha in oifig go dtí go dtoghfar a gcomharbaí.

Airteagal 6 – Cathaoirleach

- 6.1 Beidh an Cathaoirleach i gceannas ar gach cruinniú den Chumann. Beidh sé d'udaras aige/aici cruinniú urghnách den Chumann nó den Choiste Gnó a ghairm. Beidh an Cathaoirleach inniúil dhá bhliain as a chéile a thabhairt mar Chathaoirleach ach ní bheidh sé/sí inniúil a bheith mar Chathaoirleach dá éis mura mbíonn dhá bhliain caite ó bhí sé/sí ina mar chathaoirleach cheana.
- 6.2 Beidh an Cathaoirleach ina bhall ex officio de gach coiste den Chumann.

Airteagal 7 – An Leas-Chathaoirleach/Oifigeach Caidreamh Poiblí

- 7.1 Feidhmeoidh an Leas-Chathaoirleach in ionad an Chathaoirligh aon uair a bhíonn an Cathaoirleach as láthair. Feidhmeoidh an Leas-Chathaoirleach mar oifigeach caidreamh poiblí an Chumainn agus feidhmeoidh sé/sí pé cúraimí eile a iarrfaidh an Cathaoirleach nó an Coiste Gnó air/uirthi.

Airteagal 8 – An Rúnaí

- 8.1 Coimeádfaidh an Rúnaí cuntas ar imeachtaí gach cruinniú den Chumann. Cuirfidh an Rúnaí in iúl le fógra chuig oifigh agus chuig baill an Chumainn cé a toghadh mar oifigh agus eiseoidh an Rúnaí fógraí maidir le gach cruinniú. Coimeádfaidh an Rúnaí rolla ballraíochta an Chumainn agus feidhmeoidh sé/sí pé cúraimí eile a iarrfaidh an Cathaoirleach nó an Coiste Gnó air/uirthi.

Airteagal 9 – An Cisteoir

- 9.1 Baileoidh an Cisteoir isteach agus scaipfidh sé/sí cistí an Chumainn de réir threoracha an Choiste Gnó agus coimeádfaidh an Cisteoir cuntas cuí ar chistí agus ar shócmhainní eile an Chumainn.

Airteagal 10 – Slánaíocht na nOifigeach

- 10.1 Tugann an Cumann leis seo d'oifigh an Chumainn agus d'aon ghnáthbhaill den Chumann a fheidhmíonn thar ceann an Chumainn, ach iad a bheith údaraithe chuige sin ag an gCoiste Gnó, slánaíocht ó gach dliteanas agus costas arna dtabhú agus iad ag comhlíonadh a gcuid cúraimí thar ceann an Chumainn faoi údarás an Choiste Gnó ach amháin sa chas go dtabhófar dliteanas nó costas as a gcuid mí-iompair féin.

Airteagal 11 – An Coiste Gnó (Iontaobhaithe Carthanais)

- 11.1 Toghfar ar a laghad cúigear agus suas le hochtar ball ar an gCoiste Gnó ag an gCruinniú Cinn Bliana .i. ceathrar oifigeach agus suas le ceathrar gnáthbhall agus féachfar le cothrom a fháil idir mná agus fir. Féadfaidh an Coiste Gnó a bheith ag dul as oifig iarrthóirí a ainmniú lena dtoghadh mar oifigh agus/nó mar ghnáthbhaill den Choiste Gnó lena n-áirítear iarrthóirí ar baill den Choiste Gnó atá ag dul as oifig iad. Freisin, féadfaidh aon bheirt den Chumann iarrthóirí a ainmniú lena dtoghadh mar oifigh nó mar ghnáthbhaill den Choiste Gnó ach fógra i scríbhinn a thabhairt don Rúnaí tráth nach déanaí ná 14 lá roimh dháta an Chruinniú Cinn Bliana go bhfuil sé i gceist acu an t-iarrthóir sin a mholadh. Is gcás gach iarrthóir atá le moladh is gá deimhniú go bhfuil an t-iarrthóir sin sásta feidhmiú mar bhall den Choiste Gnó má thoghtar é nó í.
- 11.2 Féadfaidh an Coiste Gnó baill bhreise, lena n-áirítear baill chomhlacha, den Chumann a chomhthoghadh mar bhaill den Choiste Gnó go dtí an Chéad Chruinniú Cinn Bliana eile ag féachaint don ionadaíocht agus d'éagsúlacht an Chumainn nó chun folúntais ar an gCoiste Gnó a líonadh go dtí an chéad Chruinniú Cinn Bliana eile. Is é líon íosta bhaill an Choiste Gnó, ná cúigear.
- 11.3 Ní ceadmhach d'aon duine bheith ina bhall den Choiste Gnó ar feadh tréimhse níos faide ná ceithre bliana as a chéile.
- 11.4 Stiúrfaidh an Coiste Gnó gnóthaí an Chumainn. Ceapfaidh an Coiste Gnó a chuid buanrialacha féin de réir mar is gá.
- 11.5 Mura socraítear a mhalairt le buanrialacha, is é ceathrar ball córam an Choiste Gnó. Féadfaidh na baill a leanann ina mballraíocht den Choiste Gnó feidhmiú in ainneoin aon fholúntas i mballraíocht an Choiste Gnó nó i measc oifigh an Chumainn.
- 11.6 Is é an Cathaoirleach a bheith i gceannas ar chruinnithe an Choiste Gnó nó in éagmais an Chathaoirligh an Leas-Chathaoirleach nó in éagmais na beirte sin duine a thoghann an cruinniú den Choiste Gnó chun críocha an chruinnithe sin.
- 11.7 Ceapfaidh an Coiste Gnó as measc bhaill an Choiste Gnó, agus de réir mar a oireann as measc bhallraíocht iomlán, lena n-áirítear baill chomhlacha, an Chumainn, pé coistí a shíleann siad gur gá chun aidhmeanna agus cuspóirí an Chumainn a thabhairt i gcrích. Tabharfaidh na coistí sin tuairiscí i scríbhinn chuig an gCoiste Gnó agus rachaidh na coistí sin in éag ag an gCéad Chruinniú Cinn Bliana eile den Chumann. Ceapfaidh an Coiste Gnó cathaoirligh na gcoistí sin, nó dá éagmais sin, toghfaidh na coistí a gcathaoirligh féin.

- 11.8 Sa chás go gcailleann ball den Choiste Gnó trí chruinniú as a chéile, seachas ar chúiseanna tromaí, glacfar leis go bhfuil sé/sí tar éis éirí as an gCoiste Gnó agus comhthoghfar comharba air/uirthi, más cuí, ag féachaint don ionadaíocht agus d'éagsúlacht an Chumainn.
- 11.9 Ní foláir don Choiste Gnó gach caiteachas thar ceann an Chumainn a cheadú.
- 11.10 Féadfaidh an Coiste Gnó aon chumhacht nó feidhm nó cúram dá chuid a tharmligean d'aon oifigeach den Chumann nó d'aon bhall eile den Choiste Gnó nó do choiste ar bith de chuid an Chumainn de réir mar is cuí leis an gCoiste Gnó.
- 11.11 Ó dháta bunaithe an Chumainn go dtí go dtoghtar na hOifigh agus baill an Choiste Gnó ag an gcéad Chruinniú Cinn Bliana, feidhmeoidh an grúpa stiúrtha a chuir in áit na socruithe is gá chun an Cumann an bhunú, feidhmeoidh siad cumhachtaí, feidhmeanna agus cúraimí na nOifigeach agus an Choiste Gnó mar atá leagtha amach sna hAirteagail seo.
- 11.12 Scarfar le hoifig bhall den Choiste Gnó más rud é go scoirfidh ball den Choiste Gnó de bheith cáilithe don phost mar iontaobhaí carthanais faoi alt 55 den Acht Carthanas 2009.

Airteagal 12 – Cruinnithe Ginearálta

- 12.1 Reáchtálfar an Cruinniú Cinn Bliana ar pé dáta tar éis an 1ú Deireadh Fómhair i ngach bliain dlí a cheapann an Coiste Gnó chuige sin agus is deichniúr an córam.
- 12.2 Tabharfar fógra 14 lá ar a laghad do gach ball maidir leis an gCruinniú Cinn Bliana.
- 12.3 Tabharfaidh Cathaoirleach an Chumainn tuairisc don Chruinniú Cinn Bliana i ndáil le himeachtaí an Chumainn le bliain anuas. Tabharfaidh an Cisteoir tuairisc i ndáil le cúrsaí airgeadais an Chumainn le bliain anuas. Is é gnáth-ghnó an Chruinniú Cinn Bliana freisin toghchán na nOifigeach agus toghchán na ngnáthbhall den Choiste Gnó. Is gnó ar leith aon ghnó eile a reáchtálfar ag an gCruinniú Cinn Bliana.
- 12.4 Ní foláir aon rún ar mian le ball den Chumann go bpléifí é ag an gCruinniú Cinn Bliana a sheirbheáil ar an Rúnaí i scríbhinn, agus ainmneacha an mholtóra agus an chuiditheora air, deich lá ar a laghad roimh an gCruinniú Cinn Bliana.
- 12.5 Féadfaidh an Coiste Gnó, de bhun moladh ón gCathaoirleach, Cruinniú Ginearálta Urghnách a thionól pé uair is cuí leo. Ní foláir don Choiste Gnó Cruinniú Ginearálta Urghnách a thionól de bhun iarratas i scríbhinn ó 15 ball den Chumann lena leagtar amach an fheidhm a dteastaíonn an Cruinniú Ginearálta Urghnách sin lena haghaidh. Measfar gur gnó ar leith gach gnó den Chruinniú Ginearálta Urghnách agus is é deichniúr an córam.
- 12.6 Ní foláir fógra 14 lá ar a laghad a thabhairt do gach ball den Chumann i ndáil le Cruinniú Ginearálta Urghnách.
- 12.7 Leagfar amach ar aghaidh gach fógra do gach cruinniú ginearálta lá, am agus ionad an chruinnithe (nó cuireadh digiteach a thabhairt má tá sé ar-líne) agus sa chás go bhfuil gnó ar leith le plé ag an gcruinniú sin, nádúr an ghnó ar leith sin. Sonróidh an fógra freisin pé acu Cruinniú Cinn Bliana nó Cruinniú Ginearálta Urghnách atá i gceist.
- 12.8 Sa chás nach dtagann an Cathaoirleach nó an Leas-Chathaoirleach i láthair an Chruinnithe Ghinearálta taobh istigh de 15 nóiméad ón am a fógraíodh do thús an chruinnithe nó muna

mian le ceachtar acu feidhmiú mar chathaoirleach, toghfaidh na baill den Chumann i láthair ag an gcruinniú sin cathaoirleach gníomhach don chruinniú sin.

Airteagal 13 – Vótáil ag Cruinnithe Ginearálta

- 13.1 Is le ballóid rúnda i scríbhinn a reáchtálfar toghchán na nOifigeach agus toghchán Ghnáth-Bhail an Choiste Ghnó.
- 13.2 Maidir le rún agus gnó speisialta is le taispeáint lámh a reáchtálfar an vótáil, mura n-éilíonn triúr ball ar a laghad i scríbhinn go reáchtálfaí vóta i scríbhinn, agus is é an Cathaoirleach nó cathaoirleach gníomhach an Chruinnithe Ghinearálta a chinnefidh cé acu atá nó nach bhfuil rún rite nó rite le pé móramh a theastaíonn.
- 13.3 Má éilíonn triúr ball i scríbhinn go reáchtálfaí vóta i scríbhinn, nó má tá an Cathaoirleach nó an cathaoirleach gníomhach den tuairim gur cuí sin, deonófar briseadh chuige sin agus fógrófar an toradh a luaithe agus is féidir ina dhiaidh sin.
- 13.4 I ngach cás beidh vóta amháin ag ball den Chumann agus vóta réitigh ag an cathaoirleach an chruinnithe.
- 13.5 Déanfar taifead ar thoradh gach toghchán agus gach rún mar thaifead gur éirigh leis an iarrthóir nó leis an rún nó nár éirigh de réir an mhórimh a theastaigh agus gan uimhreacha ar leith a thaifeadadh.
- 13.6 Ní ceadmhach ach do bhail an Chumainn a bhfuil a síntiús íoctha acu vóta a chaitheamh ag Cruinniú Ginearálta.

Airteagal 14 – Síntiús

- 14.1 Socróidh gach Cruinniú Cinn Bliana an síntiús a bheidh le híoc ag na baill. Measfaidh an Coiste Gnó roimh ré cén síntiús nó cad iad na rátaí síntiúis a bheadh cuí dar leo agus molfaidh siad don Chruinniú Cinn Bliana iad.
- 14.2 Beidh gach síntiús in-íoctha ag tús gach bliana dlí lena mbaineann siad agus ní bheidh síntiús don Chumann in-ais-íoctha i gcás ar bith lena n-áirítear an cás go n-éireofaí as an gCumann nó go ndíscaoilfí an Cumann.
- 14.3 Sa chás go dteipeann ar bhall an síntiús atá dlite de/di a íoc d'aon bhliain dlí ar leith faoin dáta a bheidh socraithe ag an gCoiste Gnó, tiocfaidh deireadh lena b(h)allraíocht sa Chumann agus ní bheidh seirbhísí agus tacaíochtaí an Chumann ar fáil dó/di ón dáta sin i leith.

Airteagal 15 – Leasuithe

- 15.1 Féadfar na hAirteagail seo a leasú ag aon chruinniú ginearálta den chumann le vóta dhá thrian de na baill i láthair agus ag vótáil ar an gcoinníoll gur seirbheáladh fógra i scríbhinn, lena n-áirítear ríomhphost, ar an Rúnaí maidir le haon leasú molta nó le haon Airteagal nua molta
- Bunreacht Chumann Barra na Gaeilge

deich lá ar a laghad roimh an gcuinniú ginearálta sin agus an fógra sin a bheith dáilithe ar na baill ar a laghad seacht lá roimh an gcuinniú ginearálta sin. Glacfaidh an Rúnaí gach céim is gá chun an fógra sin a scaipeadh in am agus i dtráth.

Airteagal 16 – Fógraí

- 16.1 Féadfar fógra ar bith is gá a thabhairt do bhall ar bith den Chumann a sheirbheáil le ríomhphost chuig an seoladh ríomhphoist a ainmníonn an ball sinn. Féadfaidh an Coiste Gnó as a stuaim féin cumarsáid a dhéanamh le baill tríd an bpost nó le téacs nó le haon ghnáth-mhodh eile cumarsáide.

Airteagal 17 – Smacht

- 17.1 Sa chás go bhfuil an Coiste Gnó den tuairim go bhfuil iompraíocht bhall den Chumann, pé acu ina c(h)áil mar bhall den Chumann nó eile, chomh dochrach sin do charachtar, do chlú nó do leas an Chumainn, féadfaidh an Coiste Gnó le móramh simplí na mball atá i láthair agus a chaitheann vóta iarraidh ar an mball sin teacht os comhair cruinniú den Choiste Gnó ar dháta ar leith chun míniú a thabhairt ar an mí-iompar líomhnaithe sin a leagfar amach go sonrach soiléir san iarratas sin chun freastal ar an gcuinniú.
- 17.2 Sa chás go dteipeann ar an mball i gceist freastal ar an gcuinniú ceaptha den Choiste Gnó gan leithscéal bailí nó sa chás go dtagann an ball sin i láthair an Choiste Gnó ach nach sásaíonn an ball sin an Coiste maidir leis an mí-iompar líomhnaithe agus go mbíonn an Coiste Gnó den tuairim dá éis go raibh an iompraíocht i gceist dochrach do charachtar, do chlú nó do leas an Chumainn, féadfaidh an Coiste Gnó le vóta móramh simplí na mball atá i láthair agus a chaitheann vóta iarraidh go foirmiúil ar an mball sin éirí as an gCumann.
- 17.3 Sa chás nach n-éiríonn an ball i gceist as an gCumann taobh istigh den trí seachtaine ón dáta a gcuirtear an t-iarratas foirmiúil chuige/chuici éirí as, féadfaidh an Coiste Gnó an ball sin a bhriseadh as an gCumann.

Airteagal 18 - Ioncam agus Maoin

- 18.1 Ní chuirfeadh ioncam agus maoin an Chumainn i bhfeidhm ach i dtreo chur i bhfeidhm an Phríomhchuspóra/na bPríomhchuspóirí, faoi mar a leagtar amach iad sa Bhunreacht seo. Ní dhéanfar aon sciar d'ioncam ná de mhaoin an Chumainn a íoc nó a aistriú go díreach nó go hindíreach trí dhíbhinn, bónas nó ar bhealach eile cibé caoi trí bhrabús do chomhaltaí an Chumainn.
- 18.2 Ní cheapfar aon chomhalta feidhmiúcháin le haon oifig sa Chumann a n-íoctar tuarastal nó táillí leis an oifig sin, nó ní bhfaighidh aon chomhalta feidhmiúcháin aon luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid ón gCumann. Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCumann, áfach, na nithe a leanas a íoc le hintinn mhaith:
- (a) luach saothair réasúnta agus cuí le haon chomhalta nó seirbhíseach den Chumann (nach comhalta feidhmiúcháin é/i) as aon seirbhísí a soláthraíodh don Chumann;

- (b) ús ar ráta nach sáraíonn 1% os cionn Ráta Táirgthe Idirbhainc an Euro (Euribor) sa bhliain ar airgead a thug comhaltaí feidhmiúcháin nó comhaltaí eile den Chumann ar iasacht leis an gCumann;
- (c) cíosa réasúnta agus cuí ar áitreabh atá ar forléas agus ligthe ag aon chomhalta den Chumann (aon chomhalta feidhmiúcháin san áireamh) leis an gCumann;
- (d) costais réasúnta agus chúí as póca a thabhaíonn aon chomhalta feidhmiúcháin maidir lena bhfreastal ar aon cheist a imríonn tionchar ar an gCumann;
- (e) táillí, luach saothair nó sochar eile in airgead nó i luach airgid le haon chuideachta a bhféadfadh comhalta feidhmiúcháin bheith ina c(h)omhalta di nach sealbhaíonn breis agus an céadú cuid de chaipiteal eisithe na cuideachta sin.
- (f) Ní chuirfidh aon ní cosc ar an gCumann aon íocaíocht a dhéanamh le duine de bhun comhaontú inar iontráladh i gcomhlíonadh alt 89 d'Acht na gCarthanas, 2009 (i gcaitheamh an trátha a bhíonn sé leasaithe, sínte nó ionadaithe).

Airteagal 19 - Breisiúcháin, athruithe nó leasuithe

- 19.1 Ní mór don Chumann a chinntiú go bhfuil cóip ag an Rialtóir Carthanas dá Rialacha is déanaí. Má bheartaítear leasú a dhéanamh ar Rialacha an Chumann óna dteastaíonn faomhadh roimh ré a fháil ón Rialtóir Carthanas, ní mór fógra roimh ré a thabhairt, i scríbhinn, faoi na hathruithe beartaithe don Rialtóir Carthanas chun iad a fhaomhadh, agus ní chuirfear an leasú i bhfeidhm go dtí go bhfaightear an faomhadh sin.

Airteagal 20 – Foirceannadh

- 20.1 Féadfar an Cumann a dhíscáileadh am ar bith ach go rithfeadh móramh dhá thrian na mball i láthair agus ag vótáil rún chuige sin ag Cruinniú Ginearálta. Beidh éifeacht ag an rún sin ó pé dáta a chinnfidh an cruinniú ginearálta sin.
- 20.2 Más ann d'aon mhaoin, dá laghad, i ndiaidh gach dliteanas agus fiachas a shásamh, ní íocfar í nó ní dhéanfar í a dháileadh i measc comhaltaí an Chumainn, ar fhoirceannadh nó ar dhíscáileadh an Chumainn. Ina ionad sin, déanfar an mhaoin sin a thabhairt nó a aistriú chuig institiúid charthanúil nó institiúidí carthanúla eile a bhfuil príomhchuspóirí acu atá macasamhail phríomhchuspóirí an Chumainn. Cuirfidh an institiúid nó na hinstitiúidí, a bhfuil an mhaoin le tabhairt dóibh nó le haistriú chucu, cosc ar dháileadh a n-ioncaim agus a maoine i measc a gcomhaltaí dá mhéid sin, ar a laghad, a ghearrann an Cumann faoi nó de bhua Chlásal 18 anseo istigh. Roghnóidh comhaltaí an Chumainn an institiúid nó na hinstitiúidí ábhartha ag tráth an díscáilte nó roimh thráth an díscáilte, agus mura féidir agus dá mhéid nach féidir éifeacht a thabhairt do na forálacha siúd, tabharfar nó aistreofar an mhaoin chuig cuspóir carthanúil áirithe i ndiaidh comhaontú an Rialálaí Carthanas a fháil. Ullmhófar agus seolfar ar aghaidh cuntais deiridh, lena n-áireofar mír a shainaithníonn agus a dhéanann luacháil ar aon sócmhainní a aistrítear mar aon leis na sonraí faoi na faighteoirí agus téarmaí an aistrithe.

ARNA SÍNIÚ AG NA BAILL REATHA UILE:

Bunreacht Chumann Barra na Gaeilge

Cliona Kimber SC

Gearóid Mac Ulfraith SC

Proinsias Ó Maolchalain BL

Sara-Jane O'Brien BL

Cormac Ó Dúlacháin SC

Dáithí Mac Cárthaigh BL

Siobhán Ní Chúlacháin BL

MAR A LEASAÍODH an 19ú Samhain 2021